



**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an Naoú Dlísheomra) an 10 Iúil 2025 (iarraidh ar réamhrialú ón
Sąd Rejonowy w Koszalinie – an Pholainn) – G.M.K.-Z.B.M. v S.O.**

(Cás C-99/24 ⁽¹⁾, Chmicka ⁽²⁾)

*(Tarchur chun réamhrialú – Comhar breithiúnach in ábhair shibhialta – Rialachán (AE)
Uimh. 1215/2012 – Airteagal 66 – Raon feidhme ratione temporis – Caingean dlí arna thionscnamh ag
éilitheoir – Ordú íocaíochta a eisiúint – Freasúra ag cosantóir i leith an ordaithe sin le haghaidh
athbhreithniú ar an gcás lena mbaineann – Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 – Airteagal 5 (3) – Dlíne in
ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh – Airteagal 6(1) – Iolrachas cosantóirí –
Airteagal 22 (1) – Dlíne eisiach ar chearta i leith ceart rem ar mhaoín dhochorraithe agus tionóntachtaí
maoine dochorraithe – Caingean lena n-iarrtar cúiteamh a íoc as áitiú neamhchonarthach maoine
dochorraithe atá suite i mBallstát amháin – Cosantóir a bhfuil sainchónaí air i mBallstát eile)*

(C/2025/4723)

Teanga an cháis: an Pholainnis

An chúirt a rinne an tarchur

Sąd Rejonowy w Koszalinie

Páirtithe sna príomhimeachtaí

Iarratasóir: G.M.K.-Z.B.M.

Cosantóir: S.O.

An chuid oibríochtúil

- 1) Maidir le hAirteagal 66(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1215/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2012 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a léirmhíniú sa chaoi:
chun infheidhmeacht ratione temporis an Rialacháin sin a chinneadh, ba cheart a mheas gur tionscnaíodh imeachtaí dlí, de réir bhrí na forála sin, ar an dáta a thionscain an t-iarratasóir a chaingean, i gcás a bhí ina ábhar breithiúnais ina dhiaidh sin, agus ní ar an dáta a thaisc an cosantóir agóid ina dhiaidh sin i gcoinne an chinnidh sin ag lorg athscrúdú ar an gcás sin.
- 2) Maidir le hAirteagal 5(3), Airteagal 6(1) agus an chéad fhomhír d'Airteagal 22(1) de Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle an 22 Nollaig 2000 maidir le dlínse agus le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus tráchtála, a léirmhíniú sa chaoi:
 - caingean dlí lena n-iarrtar cúiteamh a íoc mar gheall ar áitiú neamhchonarthach maoine dochorraithe tar éis léas a fhoirceannadh a bhaineann leis an maoín sin, atá suite i mBallstát seachas an Ballstát ina bhfuil sainchónaí ar an gcosantóir, ní hionann í agus caingean 'i gcúrsaí a bhaineann le cearta in rem ar mhaoín dhochorraithe' agus ní thagann sí faoin gcoincheap 'tionóntachtaí maoine dochorraithe' de réir bhrí na chéad fhomhíre d'Airteagal 22(1);
 - ní mór éileamh ar chúiteamh as áitiú neamhchonarthach maoine dochorraithe a mheas mar éileamh a thagann faoi raon feidhme 'ábhair a bhaineann le tort, míghníomh nó samhail mhíghnímh' de réir bhrí Airteagal 5(3), agus
 - Ní bheidh feidhm ag Airteagal 6(1) ach amháin más rud é, ar an dáta a thionscain éilitheoir caingean i gcoinne roinnt cosantóirí i gcúirt de chuid Ballstáit, go raibh an staid fhíorasach agus dhlíthiúil chéanna ann a d'fhág go mbeadh sé fóirsteanach na héilimh go léir a tionscnaíodh i gcoinne na gcosantóirí sin a éisteacht agus a bhreithniú ag an am céanna chun an baol go mbeadh breithiúnais bunoscionn lena chéile mar thoradh ar imeachtaí ar leithligh i mBallstáit éagsúla a sheachaint.

⁽¹⁾ IO C, C/2024/3310.

⁽²⁾ Is ainm bréige é ainm an cháis seo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.